

Príomhtheachtaireachtaí atá ábhartha do gach oideasóir

Na nithe is féidir leat a dhéanamh

1. Na moltaí uile um úsáid antaibheathach agus um ionfhabhtú a chosc agus a rialú atá ábhartha do do réimse speisialtóireachta a fhoghlaim agus a chur i bhfeidhm [comhdhearcadh saineolaithe].
2. Má fheiceann tú baill foirne san ospidéal nó i suíomh cúram sláinte atá ag sárú treoirlínte nó prótacal, fiafraigh díobh cén fáth a bhfuil an méid sin á dhéanamh acu agus tabhair dóibh na hacmhainní a theastaíonn chun a thuiscint cá bhfuil siad ag dul ar strae [69] [comhdhearcadh saineolaithe].
3. Coinneáil ar an eolas faoi phatrúin áitiúla i bhfrithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach i do rannóg, i d'ospidéal agus sa phobal [31] [comhdhearcadh saineolaithe].
4. Mura mbíonn tú cinnte sula n-oideasaíonn tú antaibheathach, ba cheart duit na nithe seo a leanas a dhéanamh [25,26,53,70] [comhdhearcadh saineolaithe]:
 - Sonraí eipidéimeolaíochta áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a sheiceáil;
 - Treoir agus comhairle a lorg ó chomhghleacaí sinsearach nó ó bhall den fhoireann maoirseachta antaibheathach.
5. A chinntiú go dtógtar saothráin go cuí agus go seoltar iad chuig an tsaotharlann micribhitheolaíochta sula dtosaítear ar chóireáil antaibheathach [31,42,70,71].
6. Gan tosú ar chóireáil antaibheathach ach amháin i gcás go bhfuil fianaise ann ar ionfhabhtú baictéarach, agus gan coilíniú a chóireáil [31,72].
7. Próifíolacsas neamhriachtanach antaibheathach a sheachaint [31,73].
8. Cóireáil éifeachtach antaibheathach a thosú a luaithe is féidir le haghaidh othair a bhfuil ionfhabhtuithe tromchúiseacha orthu [31,74].
9. An tásca ar chóireáil antaibheathach, an druga atá roghnaithe, an dáileog, an modh tugtha agus fad na cóireála a thaifeadadh i gcairt an othair [31,42,70,71].
10. Páirt rialta a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna agus i gcruinnithe lena dtacaítear leis na nithe seo a leanas a chur chun feidhme san ospidéal: a) úsáid stuama antaibheathach, b) treoirlínte áitiúla fianaisebhunaithe um úsáid antaibheathach, agus c) bearta um ionfhabhtú a chosc agus a rialú [52,53].
11. Na ceisteanna tábhachtacha seo a leanas a fhreagairt agus teiripe antaibheathach á hathmheasúnú agat tar éis tréimhse 48-72 uair (nó a luaithe a bhíonn torthaí micribhitheolaíochta ar fáil) [42,70]:

An bhfuil ionfhabhtú ar an othar a fhreagróidh d'antaibheathaigh?

Má tá:

 - i. An bhfuil an t-antaibheathach ceart/na hantaibheathaigh chearta, an dáileog cheart agus an modh tugtha ceart á bhfáil ag an othar?
 - ii. An bhféadfaí antaibheathach lena ngabhann speictream níos cúinge a úsáid

chun an t-ionfhabhtú a chóireáil?

iii. Cé chomh fada agus ba cheart don othar an t-antaibheathach/na hantaibheathaigh a thógáil?